

EXCELLENCE THROUGH
EDUCATION AND TRAINING

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí
*Laois and Offaly
Education and Training Board*

PLEAN SEIRBHÍSE 2021

Clár na nÁbhar

Teachtaireacht ó Chathaoirleach BOOLUF	4
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	5
Próifíl/Cúlra BOOLUF	6
Léarscáil Geografach BOOLUF	7
Ráiteas Straitéiseach	8
Ráiteas Seirbhísí 2021	10 - 20
Forléargas ar Sheirbhísí 2021 (Sonrach do BOO)	21
Mórhionscadail Chaipitil	21
Fáltais agus Caiteachas Measta do 2021	22 - 24
Gluais	25

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur roimh Phlean Seirbhíse 2021 thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLUF). Is obair forleathan í obair BOOLUF mar eagraíocht reachtúil agus é freagrach as iar-bhunscoileanna, soláthar agus seirbhísí breisoideachais agus oiliúna, seirbhísí don óige, agus cláir phobail ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí.

Bhí riachtanais ár gcuid daltaí i gcónaí ag croílár na seirbhíse a sholáthraíonn BOOLUF agus is é an fócas seo a chuirfidh ar ár gcumas leanúint ag freastal ar riachtanais athraitheacha oideachais agus oiliúna an réigiúin as seo amach.

Tá an raon cuimsitheach gníomhaíochtaí atá le tabhairt faoi ag na Stiúirthóireachtaí Scoileanna, Breisoideachais agus Oiliúna (BO), agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta in 2021 leagtha amach sa Phlean Seirbhíse. Tá an fhaisnéis airgeadais ghaolmhar chomh maith le Príomhtháscairí Feidhmíochta a chabhróidh le monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm leagtha amach sa Phlean Seirbhíse freisin. In 2021 fanann béim na heagraíochta seasmhach i gcónaí agus muid ag iarraidh na deiseanna oideachais agus oiliúna ar feadh an tsaoil den chaighdeán is airde a sholáthar do gach pobal ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, Seosamh Ó Cuinneagáin, a fhoireann bainistíochta, agus le foireann go léir BOOLUF as a tiomantas leanúnach agus a díograis don sármhaitheas trí oideachas agus oiliúint. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt, le buíochas ó chroí, d'obair mo chomhbhall Bord a thugann a gcuid ama chomh dícheallach agus chomh fial agus an don mhéid a dhéanann siad maidir le rialachas BOOLUF.



An Comh. Robert McDermott
Cathaoirleach

Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

Forbairíodh an Plean Seirbhíse chun tacú le cur i bhfeidhm ár Ráitis Straitéisigh 2018-2022. Cé go leagann an Ráiteas Straitéiseach ár dtosaíochtaí agus aidhmeanna thar tréimhse 5 bhliana, is tábhachtach próiseas a chur ar fáil chun tacú lena seachadadh ar feadh saolré na straitéise seo. I bhforbairt an Phlean Seirbhíse, reachtáladh próiseas comhairleoireachta le bainistíocht shinsearach thar gach réimse forála chun a chinntiú go bhfuil na bearta leagtha amach chun seachadta an Phlean Seirbhíse oiriúnach do thosaíochtaí agus aidhmeanna ginearálta cinntithe inár Ráiteas Straitéise. Cinntíonn an próiseas comhairleoireachta freisin go bhfuil torthaí atá leagtha amach do 2021 indéanta agus faoi úinéireacht na bainistíochta sinsearaí ina réimsí forála seirbhíse faoi seach.

Is fianaise é an fás ar líon na ndaltaí a fhreastalaíonn ar ár Scoileanna agus ár nIonaid Oideachais agus Oiliúna (BO) go bhfuil ag éirí go maith go leanúnach lenár gcuid oibre agus dá bhrí sin teastaíonn machnamh cúramach agus pleanáil airgeadais stuama chun a chinntiú go bhfuil na acmhainní riachtanacha ar fáil chun an ghníomhaíocht phleanáilte a sheachadadh ar bhealach éifeachtach.

Is mian liom mo bhuíochas agus m'aitheantas a gabháil leis:

- An gCathaoirleach agus baill an Choiste Airgeadais as an bplean a mholadh,
- An gCathaoirleach agus baill Bhord BOOLUF as an bplean a mheas agus a fhaomhadh,
- Na Cathaoirligh agus le baill Choistí BOOLUF a thugann a gcuid ama go fial chun obair an Bhoird a chur chun cinn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do bhainistíocht agus foireann ár scoileanna, ionaid, seirbhísí, agus oifigí riaracháin as a dtiomantas leanúnach agus díogras do BOOLUF agus táim ag tnúth le hoibriú leo chun cur i bhfeidhm an phlean a chinntiú.




Seosamh Ó Guinneagáin
Príomhfheidhmeannach

Próifíl BOOLUF

Bunaíodh BOOLUF an 1 Iúil 2013 agus is é an soláthraí reachtúil maidir le seirbhísí oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do Laois agus Uíbh Fhailí. Is é aidhm fhoriomlán BOOLUF ár gcuid daltaí a chumasú chun barr a gcumas a bhaint amach. Déanaimid ár ndícheall eispéiris foghlama a thairiscint a fhreagraíonn do riachtanais daltaí gach aoise agus cumais. Cuirimid treoir agus tacaíochtaí ar fáil dár gcuid daltaí chun cabhrú leo a gcuspóirí agus a gcáilíochtaí foghlama a bhaint amach. Cuirimid roghanna aistrithe agus dul chun cinn ar fáil dár gcuid daltaí chun a gcuid deiseanna chun breisoideachas agus oiliúint a thapú agus fostaíocht a fháil a uasmhéadú. Aithnímid an tábhacht a bhaineann le háitribh agus le hacmhainní oiriúnacha dár gcuid daltaí inár dtiomantas don oideachas uilechuimsitheach. Tugaimid aird ar ár bhfreagrachtaí maidir le cearta an duine agus comhionannas, mar sholáthraí seirbhíse agus mar fhostóir araon. Tuigimid tábhacht na teicneolaíochta mar bhealach chun foghlaim, comhoibriú agus cumarsáid a fheabhsú i measc ár gcuid daltaí agus páirtithe leasmhara. Chuige sin, oibrímid chun a chinntiú go bhfuil ár gcórais dhigiteacha inrochtana, iontaofa agus cosanta. Is mian linn leanúint ag fás mar eagraíocht foghlama agus cinntímid go bhfuil rochtain ag ár bhfoireann ar dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha. Áirítear leis seo baill foirne a chumasú chun bheith ina gcleachtóirí machnamhach, a gcuid scileanna a fheabhsú, agus comhoibriú le comhghleacaithe. Aithnímid gur féidir forbairt ghairmiúil a éascú ar bhealaí éagsúla, ó chlár chreidiúnaithe go ceardlanna agus líonraí foghlama gairmiúla. Tuigimid go bhfuil cuid mhaith d’obair ár n-eagraíochta cumasaithe ag an bhfoireann tacaíochta agus riaracháin inár scoileanna, inár n-ionaid agus inár seirbhísí agus ag na príomhfheidhmeanna tacaíochta sa bPríomhoifig. Cuirimid luach an-ard ar an méid a dhéanann na coistí éagsúla a thacaíonn le BOOLUF ar leibhéal eagrúcháin agus inár scoileanna agus inár n-ionaid. Oibrímid i gcomhpháirtíocht freisin le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí lárnacha ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcuid daltaí.

Léarscáil Geografach BOOLUF



Ráiteas Straitéiseach

Is í an fhís atá againn soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a threorú go gníomhach i Laois agus in Uíbh Fhailí. Is é ár misean ná sármhaitheas trí oideachas agus oiliúint. Cuirimid foghlaim ag croílár gach a ndéanaimid trí raon leathan clár, seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do dhaoine óga agus fásta ar fud réigiún BOOLUF

Creidimid gur fíorthábhachtach í an fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar mhaithe le forbairt phearsanta agus leas, ionchuimsiú sóisialta, agus rath eacnamaíoch. Is iad seo a leanas ár bpríomhluachanna mar sholáthraí seirbhíse:

Comhionannas

Cóir, meas, agus ionchuimsiú ag caitheamh lenár ndaltaí, geallshealbhóirí, agus foireann agus cultúr a chothú ina gcuirtear fáilte roimh agus luach san éagsúlacht.

Comhoibriú

Ag oibriú i gcomhpháirtíocht lenár ndaltaí, ár ngeallshealbhóirí agus ár bhfoireann chun roinnt feasa, saineolais agus scileanna a éascú.

Nuálaíocht

Fanacht mar cheannaire i soláthar oideachais agus oiliúna trí smaointí nua a spreagadh, trí cuir chuige éagsúla a thriail agus trí fhreagairt d'athruithe.

Gairmiúlacht

Béasacht, éifeachtacht agus sármhaitheas ag déileáil lenár daltaí, geallshealbhóirí agus foireann agus oibriú ar na caighdeáin is airde oideachais agus oiliúna.

Macántacht

Macántacht, trédhearcacht, agus rúndacht agus ár bhfreagrachtaí mar sholáthraí foghlama ar feadh an tsaoil ar bhealach comhleanúnach eiticíúil a chomhlíonadh.

Leagann Ráiteas Straitéise BOOLUF cuspóirí ardleibhéil amach don eagraíocht faoi cheithre Sprioc Straitéiseacha:

1. Oideachas agus Oiliúnt den Scoth

2. Eispéaras den scoth do dhaltaí

3. Bunathrú Eagraíochta

4. Forbairt Foirne

Tagraíonn na spriocanna ní amháin do theagasc agus d'fhoghlaim d ár seirbhísí tacaíochta agus ár seirbhísí eagraíochta a fheabhsú freisin. Mar chrann taca do gach sprioc tá tosaíochtaí straitéiseacha ag gach ceann acu. Tá na tosaíochtaí sin ceaptha chun cuidiú le BOOLUF déileáil le deiseanna agus dúshlán atá ag an eagraíocht thar an cúig bhliana atá le teacht. Ós rud é go bhfuil réimse casta seirbhísí le seachadadh do chuid leathan den phobal, tá sé rí-thábhachtach go leanann BOOLUF ag tógáil a acmhainne straitéisí mar eagraíocht agus níos tábhachtaí fiú, mar sholáthraí foghlama ar feadh an tsaoil. Leagann an Straitéis béim ar chomhionannas agus ar ionchuimsiú sóisialta gníomhach. Tá freagrachtaí ag BOOLUF maidir le cearta daonna agus comhionannas, mar sholáthraí seirbhíse agus fostóir araon. Chuige sin, coinnímid linn ag forbairt cleachtas agus nósanna imeachta chun idirdhealú a dhíbirt, chun comhionannas deiseanna agus déileála a chur chun cinn dár ndaltaí agus dár bhfoireann, agus cearta daonna a chosaint dóibh siúd uile a dtugaimid fostaíocht nó a bhfreastalaímid orthu.

Ráiteas Seirbhísí

SPRIOC 1 OIDEACHAS AGUS OILIÚINT DEN SCOTH

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMIÚLACHTA	SPRIOC
Eispéireas dearfach foghlama a thabhairt do gach dalta/ foghlaimeoiri, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste	Leanfaidh Scoileanna agus Ionaid ag soláthar agus ag forbairt tuilleadh eispéireas cuimsitheach, ardchaighdeáin teagaisc, foghlama agus measúnaithe do gach dalta agus foghlaimeoir.	Athbhreithniú leanúnach agus cultúr an fheabhsaithe leanúnaigh i ngach scoil agus ionad.	R1 - R4
	Deiseanna aiseolais a fheabhsú do dhaltaí agus do thuismitheoirí.	Aiseolas rialta ó dhaltaí agus ó thuismitheoirí.	R1 - R4

SPRIOC 2 EISPÉARAS DEN SCOTH DO DHALTAÍ

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMIÚLACHTA	SPRIOC
Cur chuige gutha daltaí/ foghlaimeoirí a chur chun cinn chun réimsí a aithint atá ag obair go maith agus réimse a dteastaíonn feabhas uathu	I gcomhthéacs Covid-19, cuirfidh BOOLUF Teagasc agus Foghlaim cianda Éigeandála i bhfeidhm de réir mar is gá.	Leanúint ag cur deiseanna oiliúna agus comhoibrithe ar fáil don fhoireann i gCianteagasc agus i bhFoghlaim.	R1 - R4
	Éascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht foghlaimeoirí in Athbhreithniú Tionscnaimh DCCÉ.	Rannpháirtíocht foghlaimeoirí i gcruinnithe Painéal Athbhreithnithe DCCÉ.	R2
	Rannpháirtíocht foghlaimeoirí a spreagadh i bhFóram Foghlaimeoirí AONTAS i 2021.	Rannpháirtíocht mhéadaithe foghlaimeoirí i bhFóram Foghlaimeoirí AONTAS 2021.	R4
	Múnla Lárionad BO de sholáthar comhtháite clár agus seirbhísí ar láithreáin aonair a leathnú.	Ionad nua BO le hoscailt i mBiorra.	R2

SPRIOC 2 EISPÉARAS DEN SCOTH DO DHALTAÍ

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMIÚLACHTA	SPRIOC
Curaclam leathanbhunaithe a sholáthar a léiríonn riachtanais agus spéiseanna daltaí agus foghlaimeoirí.	Caidrimh a bhunú le comhlachtaí dámhachtana eile chun freagairt níos fearr a thabhairt ar éilimh an mhargaidh saothair áitiúil agus náisiúnta agus ar fhoghlaimeoirí.	Caidrimh le comhlachtaí dámhachtana (e.g. BDM agus ICG) a bunaíodh.	R3
	Tacú le scoileanna le FMS agus leanúint de chaighdeán a chur i bhfeidhm laistigh de chreat LAOS.	Moltaí MSU-BCF agus Cigireachta Scoile a chur i bhfeidhm.	R1 - R4
	Leanfaidh BOOLUF ag soláthar foghlama, teagaisc agus measúnaithe ar ardchaighdeán i scoileanna	Coinneofar agus méadófar ionrollú Daltaí i gceantair ina bhfuil deiseanna fáis.	R1 - R4
Córais Dearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm.	Tús a chur le forbairt agus athbhreithniú ar Bheartais DC chun modhanna seachadta nua agus éabhlóideacha a mheas.	Tús curtha le forbairt an Bheartais um Foghlaim Mheasctha Beartais atá ann cheana athbhreithnithe orthu chun scrúduithe ar líne agus próisis aighneachta a chur san áireamh.	R4 R2
Tacú le daltaí/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais de réir an bheartais náisiúnta reatha.	Tacaíochtaí cuimsithe a fhorbairt ar fud na Seirbhíse BO.	Oifigigh Cuimsithe a chur in Ionaid BO.	R4
	Cur chuige DUF a ghlacadh maidir le soláthar BO.	Líon méadaithe a bhfuil Suaitheantas Digiteach in DUF acu agus éiteas DUF a ionchorprú i seachadadh BO.	R4
	Aghaidh a thabhairt ar dheighilt dhigiteach atá ag teacht chun cinn i gcóirte faoi mhíbhuntáiste.	Cláir bhunúsacha dhigiteacha a thabhairt isteach, scileanna digiteacha comhtháite sna cláir atá ann cheana, agus tacaíocht d'fhaighteoirí maoinithe MAMO.	R3
	Cláir a thabhairt isteach do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste ar leith.	Tús a chur le dhá chlár nua LTI a dhíríonn ar dhaoine óga atá dífhostaithe agus ar bhaill den Lucht Taistil.	R1 - R2

SPRIOC 2 EISPÉARAS DEN SCOTH DO DHALTAÍ

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMIÚLACHTA	SPRIOC
Tacú le daltaí/foghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais de réir an bheartais náisiúnta reatha.	Leanúint le tosaíocht a thabhairt do thacaíochtaí agus idirghabhálacha dearfacha do gach dalta atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.	Leanúint ag tacú le spriocanna agus athbhreithniú DEIS i scoileanna.	R1 - R4
Seirbhísí treorach agus comhairleoireachta a sholáthar.	Scoileanna le leanúint de threoir agus comhairleoireacht den scoth a sholáthar do dhaltaí. Múnla treorach a chomhtháthú tuilleadh ar fud na Seirbhíse BO. Mol Treorach agus Faisnéise Treorach a bhunú sa réigiún.	Tá rochtain ag gach scoil ar threoir agus ar chomhairleoireacht. Líon méadaithe múinteoirí cáilithe mar Chomhairleoirí Treorach. Ionchur treorach ar gach clár BO. Moil bunaithe i bPort Laoise agus sa Tulach Mhór.	R3
Áiseanna foghlama / oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus a chinntiú go bhforbrófar bonneagar oiriúnach chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní.	Ceadú a lorg do thionscadail chaipitil bhreise a d'fhéadfaí a bheith aitheanta in 2021. A chinntiú go gcuirtear tionscadail nua tógála scoile/lárionaid, síntí agus athchóirithe i gcrích a luaithe is féidir.	Cóiríocht bhreise do scoileanna atá ag fás agus pleananna chun na scoileanna agus na hionaid atá ann cheana a athchóiriú. Tionscadail críochnaithe in am.	R1 - R4
Oideachas allamuigh a chur chun cinn agus a fhorbairt.	Leanúint ar aghaidh ag tacú le scoileanna, grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla trí dheiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí coirp a chruthú. Leanúint ar aghaidh ag forbairt gníomhaíochtaí chun a chinntiú go mbeidh an ionad táirgiúil ar feadh na bliana.	An deis do ghníomhaíocht choirp agus áineasa allamuigh a chruthú do dhaltaí i Scileanna Loingseoireachta, i gCnocadóireacht, i Rothaíocht Sléibhe agus i Rothaíocht. Tús a chur le cúrsa constaicí nuathógtha a úsáid trí thionscnamh 'scoil is folláine'.	R4

SPRIOC 2 EISPÉARAS DEN SCOTH DO DHALTAÍ

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMIÚLACHTA	SPRIOC
Pleanáil do déimeagrafaic atá ag athrú.	Tacú le gnóthais áitiúla chun a gcuid riachtanas scileanna as seo amach a thuiscint agus deiseanna breisoiliúna agus athoiliúna iomchuí a chruthú. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhéimeagrafaic áitiúla.	Sraith de sheimineáir ghréasáin 'Réitigh do Ghnó don Todhchaí' a sholáthar. Clár nua forbartha mar fhreagairt ar riachtanais dhéimeagrafacha athraitheacha.	R1 - R4
Plé go héifeachtach le fostóirí.	Cúrsaí BO ábhartha agus deiseanna uas-scileála/athoiliúna a chur ar fáil a chomhlíonfaidh riachtanais ghnó áitiúla as seo amach.	Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chlár TFC agus Fuinnimh In-athnuaite.	R1 - R4
	An tacaíocht um fhorbairt uas-scileála, ghairmiúil agus bainistíochta a theastaíonn ó fhostaithe reatha i bhfiontair áitiúla a chur ar fáil.	Líonraí fostóirí áitiúla a chomhroinneann riachtanais scileanna a fhorbairt agus clár a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais sin.	R4
Clár oiliúna agus printíseachta a sholáthar agus a fhorbairt.	Leanúint le clár Oiliúna a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais scileanna reatha na bhfiontar áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. An chéad Chlár Printíseachta Scafaill in Éirinn a bhunú.	Clár Oiliúna i 2021 i gCúram Sláinte, Innealtóireacht, Fóntais agus Fáilteachas curtha ar fáil. Cuireadh tús le clár printíseachta (ceithre ghrúpa in 2021).	R1 - R4
	Leanúint le Soláthar Oiliúna Scileanna Amach Anseo a fhorbairt chun Scileanna Glasa agus Digiteacha a thacaíonn le haistriú Lár na Tíre go Réigiún Ísealcharbóin a chur chun cinn.	Cúrsaí Oiliúna Nua i 2021 i Meicneoir Rothar, Cianobair, TFC, Athshlánú Talamh Móna agus Clár Oiliúna Talmhaíochta Inbhuanaithe.	R1 - R4
Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.	A chinntiú go bhfuil na bearta cosanta leanaí riachtanacha go léir i bhfeidhm. Tacaíocht agus oiliúint rialta do DIA-anna. Oiliúint BB a chuimsíonn TMCL.	Comhlíonann scoileanna na riachtanais maidir le CCCL. Cuireadh oiliúint ar Chosaint Leanaí i gcrích do gach Bord Bainistíochta Scoile agus don fhoireann nua go léir. Oiliúint leanúnach um Chosaint Leanaí d'fhoireann ábhartha BO.	R1 - R4

SPRIOC 2 EISPÉARAS DEN SCOTH DO DHALTAÍ

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMIÚLACHTA	SPRIOC
Tabhair tosaíocht do STEM / STEAM i scoileanna.	Leanúint ar aghaidh ag tabhairt faoi phlean agus beartas cur chun feidhme STEM agus tosaíocht a thabhairt dó. Úsáid na teicneolaíochta a chur chun cinn agus tosaíocht a thabhairt dó chun teagasc, foghlaim agus measúnú a fheabhsú i scoileanna.	Leanúint ag feabhsú agus ag athbhreithniú feidhmíochta in ábhair STEM/STEAM. Tá rochtain ag gach dalta ar ábhair STEAM. Glacann múinteoirí páirt i FGL sna réimsí seo.	R1 - R4
Tacaíochtaí foghlama TFC ar ardchaighdeán a sholáthar i scoileanna/ionaid.	Trealamh agus áiseanna TFC ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Forbairt ghairmiúil don fhoireann leanúnach a chur chun cinn.	Leanúint le pleananna foghlama digiteacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ngach scoil. Rannpháirtíocht i ndeiseanna comhoibríthe a chur ar fáil agus a mhéadú don fhoireann.	R1 - R4
Comhionannas agus cuimsiú sóisialta gníomhach.	Éiteas an Chuimsitheachta a chur chun cinn mar fhreagracht do chách. Leanúint ag freagairt do riachtanais daoine óga, go háirithe iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste, i mbaol, leochaileach agus ar an imeall.	Éiteas an Chuimsitheachta a chur chun cinn mar fhreagracht ar chách. Leanúint ag freagairt do riachtanais daoine óga, Líonra Tacaíochta um Chuimsiú, Pobal an Chleachtais a Fhorbairt agus Seachtain Chuimsithe BO a óstáil. Breis feabhais a chur ar na comhpháirtíochtaí reatha, agus comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt le páirtithe leasmhara ábhartha chun freastal ar an riachtanas oideachais, oiliúna, ealaíne agus oibre don ógra i Laois agus in Uíbh Fhailí. Leanúint ag forbairt agus ag soláthar clár trí Music Generation agus an Chomhpháirtíocht Áitiúil don Óige Cruthaitheach.	R3 R1 - R4
Cláir Chosanta.	Cuidiú leis an ROS, de réir mar is gá, chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár Cosanta na nDídeanaithe na hÉireann agus soláthar d'arratasóirí cosanta idirnáisiúnta	Comhoibriú leanúnach le grúpaí oibre idirghníomhaireachta agus oibríthe tacaíochta lena chinntiú go bhfuil riachtanais oideachais dídeanaithe á gcomhlíonadh.	R1 - R4

SPRIOC 3 BUNATHRÚ EAGRAÍOCHTA

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMIÚLACHTA	SPRIOC
<p>Leanúint ag forbairt agus ag feabhsú struchtúir ar fud na heagraíochta de réir an Chóid Chleachtais.</p>	<p>Déanfaidh BOOLUF athbhreithniú ar struchtúir lena chinntiú go ndéantar seirbhísí a chur ar fáil ar bhealach costéifeachtach, éifeachtach agus comhlíontach.</p> <p>Tá BOOLUF ina bhall d’Fhóram Rialachais an AFR agus ina bhall de CGFÉ.</p> <p>Plé go gníomhach le ESBS ar rolladh amach an Chórais Seirbhísí Airgeadais.</p> <p>A chinntiú go gcloítear leis an tuarascáil a chur faoi bhráid an ROS.</p>	<p>Freastalaíonn foireann na rannóige Rialachais Chorporáidigh ar chruinnithe rialta d’Fhóram Rialachais an AFR.</p> <p>Freastalaíonn Cathaoirleach an Bhoird ar chruinnithe eagraithe ag Fóram Rialachais an AFR.</p> <p>Déantar monatóireacht ar phróisis nua an chórais airgeadais chun dea-chleachtas a chinntiú.</p> <p>Déantar monatóireacht ar spriocdhátaí tuairiscithe chun comhlíonadh iarratais ROS a chinntiú.</p> <p>Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair nuashonraithe, agus cur chun feidhme curtha in iúl agus monatóireacht ar fud na heagraíochta.</p> <p>Déantar monatóireacht ar chaiteachas chun deiseanna soláthair a aithint d’fhonn luach ar airgead a chinntiú ar fud na heagraíochta.</p>	<p>R1 - R4</p>
<p>Bheith mar phríomhsholáthraí agus cultúr gníomhaíochtaí nuálaíochta agus feabhsúcháin a spreagadh.</p>	<p>Ár mbunluachanna a leabú agus a chinntiú go bhfuil siad seo ag croílár ár gcuid oibre go léir laistigh den eagraíocht.</p>	<p>Athbhreithniú ar thionchar ár mbunluachanna ar oibríochtaí Comhordaitheoir Éiteas a cheapadh agus croíluachanna FGL a sholáthar.</p>	<p>R4</p>

SPRIOC 3 BUNATHRÚ EAGRAÍOCHTA

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMIÚLACHTA	SPRIOC
Rialachas eiticiúil a chur chun cinn chun cuntasacht agus luach ar airgead a chinntiú.	Beartais, nósanna imeachta agus córais a athbhreithniú agus a mheas chun ár seirbhísí a fheabhsú.	Athbhreithniú ar Bheartais agus ar Nósanna Imeachta. Doiciméid rialaithe inmheánaigh glactha agus sínithe ag scoileanna/ionaid/lucht riaracháin. Leanúint le rolladh amach PCS. Oiliúint foirme faoin gCód Cleachtais. Comhlánú cáipéisí CCOP don Bhord, CIR, CA agus gach post fostaíochta ainmnithe lena n-áirítear gach ball foirme sa Rannóg Soláthair.	R1 - R4
Great Bainistíochta Riosca le cur i bhfeidhm chun Cuspóirí Straitéiseacha a chomhlíonadh	Clár Riosca gníomhacha a chothabháil. Cinnteoidh bord BOOLUF go bhfuil próiseas leanúnach ann atá deartha chun rioscaí suntasacha a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu lena n-áirítear na rioscaí a bhaineann le Covid-19 maidir le torthaí an aonáin a bhaint amach. Tacóidh an CIR leis an mbord sa ról seo.	An Clár Riosca a athailíniú leis an Ráiteas Straitéise agus leis an bPlean Seirbhíse 2021. Monatóireacht agus athbhreithniú déanta ar rioscaí. An Clár Riosca nuashonraithe agus tuairiscithe go ráithiúil don CIR.	R1 - R4
Rialuithe Inmheánacha	Cinnteoidh BOOLUF go dtugann sé dearbhú leordhóthanach don CIR agus don Bhord go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar atá beartaithe. Déanfar athbhreithniú ar mholtaí a rinne C&AG agus IAU.	Athbhreithniú ar thuarascálacha comhlíonta ó scoileanna, ionaid agus riarachán curtha i gcríoch. Athbhreithniú ar na rialuithe atá i bhfeidhm curtha faoi bhráid an CIR. Tuarascáil ar mholtaí iniúchta a rinneadh don CIR agus Moltaí Iniúchta curtha i bhfeidhm.	R1

SPRIOC 3 BUNATHRÚ EAGRAÍOCHTA			
TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMIÚLACHTA	SPRIOC
Féinmheasúnuithe Boird.	Déanfaidh gach bord féinmheasúnuithe, ag úsáid an cheistneora atá sa Chód Cleachtais, chun réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin a aithint.	Chomhlánaigh gach ball den bhord an ceistneoir féinmheasúnaithe agus thug siad aiseolas. Cuireadh oiliúint ar fáil nuair ba ghá.	R1 agus R4
Saineolas airgeadais ar choistí iniúchta agus airgeadais.	Ba cheart don bhord ceapacháin do choistí CIR agus Airgeadais a dhéanamh i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Ba cheart do bhaill sheachtracha coistí na scileanna agus an taithí iniúchta agus airgeadais riachtanach a bheith acu don ról.	Taithí scileanna iniúchta agus airgeadais san áireamh sna hinniúlachtaí maidir le baill CIR a cheapadh.	R4
Féinmheasúnú ag CA agus CIR.	Cinnteoigh cathaoirligh an CIR agus an CA araon go gcuirfear cleachtadh féinmheasúnaithe i gcrích gach bliain de réir mar a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas BOOanna.	Chomhlánaigh gach ball den bhord an ceistneoir féinmheasúnaithe agus thug siad aiseolas. Cuireadh oiliúint ar fáil nuair ba ghá.	R1
	Ba cheart do chathaoirleach gach boird a chinntiú go gcuirtear tuarascálacha i scríbhinn ar fáil do bhaill an bhoird ar an obair a dhéanann CA agus CIR mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas BOOanna.	Miontuairiscí cruinnithe agus Tuarascáil Bhliantúil curtha ar fáil ag CIR agus CA do Bhord BOOLUF.	R1
Freastal ar chruinnithe boird.	Cuirfidh boird aonair béim arís ar an gceanglas maidir le freastal ar gach cruinniú boird de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas BOOanna.	Mheabhraigh na Cathaoirligh do bhaill an Bhoird maidir leis an riachtanas go mbeidh freastal iomlán ag gach cruinniú.	R1 agus R4

SPRIOC 3 BUNATHRÚ EAGRAÍOCHTA

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMIÚLACHTA	SPRIOC
Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.	Straitéis Cumarsáide chuimsitheach a fhorbairt. Oifigeach Cumarsáide a cheapadh. Gealltanais maidir le Scéim Teanga a chomhlíonadh. Leanúint le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn. Na Meáin Shóisialta a úsáid go réamhghníomhach chun BOOLUF agus a sheirbhísí a chur chun cinn.	Straitéis Cumarsáide forbartha. Oifigeach Cumarsáide ceaptha. Cuirfear oiliúint ar úsáid na Gaeilge ar fáil d'fhoireann fáiltithe i ngach Scoil/Ionad/Oifig Riaracháin. Bealaí oiriúnacha meán sóisialta i bhfeidhm chun seirbhísí a chur chun cinn.	R4 R1, R2 R3 - R4
Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha.	BOOLUF a chur chun cinn mar thogróir comhpháirtíochtaí. MT a aontú le Soláthraithe BO Pobail agus Deonacha faoi Chomhaontú DC BOOLUF le DCCÉ.	Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm le páirtithe leasmhara ábhartha. Lean BO le plé gníomhach le struchtúir forbartha áitiúla agus pobail (e.g. CFPÁ, cuideachtaí Comhpháirtíochta) Aontaíodh MT leis na Soláthraithe.	R1 - R4
Cosaint éifeachtach sonraí a chinntiú.	Leanfaidh an OCS ag déanamh monatóireachta ar chosaint sonraí chun comhlíonadh a chinntiú.	Straitéisí forbartha OCS agus Oifigeach Comhlíonta lena chinntiú go bhfuil an fhoireann ar an eolas faoina n-oibleagáidí cosanta sonraí. Cuireadh oiliúint ar gach ball foirne nua maidir le cosaint sonraí.	R2 R3
Plé go héifeachtach le páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt.	A chinntiú go ndéantar ionadaíocht ar BOOLUF ar Bhoird/Fhórais ábhartha bainteach le soláthar Oideachais agus Oiliúna.	Foireann BOOLUF ainmnithe do Líonraí agus Fórais ábhartha CGFÉ.	R1
A chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais reachtúla agus rialála.	Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag déanamh monatóireachta ar ár bpróisis chun comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus rialála a chinntiú.	Lámhleabhar Sláinte agus Sábháilteachta agus Measúnuithe Riosca i bhfeidhm i ngach scoil/ionad/oifig riaracháin. Cuirtear oiliúint ar fáil d'Oifigigh Sábháilteachta agus don fhoireann ábhartha.	R3 - R4

SPRIOC 3 BUNATHRÚ EAGRAÍOCHTA

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMIÚLACHTA	SPRIOC
Earcú agus Coinneáil Foirme	Leanfaidh BOOLUF ag athbhreithniú agus ag forbairt próisis earcaíochta. Forbróidh BOOLUF freagairtí iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh scileanna soláthair i réimsí ábhair ar leith.	Cuireadh oiliúint ar bhaill an Bhoird Roghnúcháin ar WebEx. Earcaíocht do phainéil ionadaithe BOOLUF go leanúnach i rith na bliana acadúla. Forbraíodh feachtas earcaíochta spriocdhírthe agus béim ar leith acu nuair a bhí easnaimh scileanna aitheanta.	R1 - R4

SPRIOC 4 FORBAIRT FOIRNE

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMIÚLACHTA	SPRIOC
An fhoireann i bhforbairt ghairmiúil leanúnach.	Cultúr d'fhorbairt ghairmiúil agus tacaíocht a chothú don fhoireann go léir. Pleananna oiliúna agus forbartha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.	Comhoibriú agus comhroinnt an dea-chleachtais cinntithe trí SharePoint. Plean oiliúna foirne ag feidhmiú i ngach Aonad OSD faoi stiúir Bainisteora Sinsearaí.	R1 - R4
Ceannaireacht ardchaighdeán a thacú agus a fhorbairt in BOOLUF.	Pobail Cleachtais a bhunú i réimsí ábhair ar leith.	Tosaíochtaí PCanna bunaithe.	R3
	Scileanna agus inniúlachtaí iargúlta oibre a éascú don fhoireann riaracháin.	Clár oiliúna um Obair cianda a sholáthar d'fhoireann riaracháin ar fud an BOO.	R2
	Clár ceannaireachta gníomhach a fhorbairt don fhoireann, chun ceannairí meánbhainistíochta agus sinsearacha a chuimsiú. Deiseanna forbartha gairmiúla a sholáthar i gceannaireacht.	Cuireadh oiliúint ar Cheannaireacht Foirne chianda i bhfeidhm do bhainisteoirí líne ar fud na heagraíochta.	R1
A chinntiú go bhfuil rochtain ag gach ball foirne ar an CCF.	Leanfaimid orainn ag cur na seirbhíse chun cinn go háirithe chun feasacht a mhúscailt i measc na foirne nach baill den fhoireann teagaisc iad.	Eolas maidir le CCF ar fáil don fhoireann uile ar SharePoint.	R1
Timpeallacht oibre dhearfach, thacúil agus shábháilte a chruthú agus tacú le folláine na foirne.	Díriú ar thionscnaimh shonracha chun folláine foirne a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na foirne a spreagadh.	Clár folláine curtha ar fáil i ngach scoil, ionad agus oifig riaracháin.	R1 - R4

Forléargas ar Sheirbhísí

Tá BOOLUF ina cheann de príomh-fhostóirí lár na tíre le breis is 1,000 ball foirne ag tabhairt oideachais do beagnach 4,100 dalta ag leibhéal iarbhunscoile agus os cionn 10,500 tairbhí ar chláir agus seirbhísí BO. Déanann BOOLUF bainistíocht ar naoi scoil iarbhunscoile agus dhá Ionad BO ilchláir déag, agus is comhphátrún é ar chúig Scoil Pobail. Tá BOOLUF freagracht as tacú le foráil, comhordú, riaracháin, agus measúnú ar sheirbhísí oibre óige ina limistéar feidhmíochta, trí chomhoibríocht le hinstiúidí eile, as tacaíocht a thabhairt do réimse leathan clár agus gníomhaireachtaí chun oideachas agus cláir oiliúna a sheachadadh nach féidir leis na gnáthsheirbhísí oideachais i Laois agus Uíbh Fhailí freastal orthu. Tá go leor taithí ag BOOLUF ag obair i gcomhpháirt le go leor grúpaí reachtúla, pobail, agus deonacha. Tugtar ionadaíocht d'fhoireann bainistíochta agus foireann BOOLUF ar go leor boird agus coistí thar chontaetha Laoise agus Uíbh Fhailí. Tugann an cur chuige comhpháirtíochta seo deiseanna do go leor grúpaí agus eagraíochtaí eolas a roinnt maidir le seirbhísí agus oibriú le chéile chun bearnaí a aithint i bhforáil háitiúil agus seirbhísí bhreise a chur ar fáil nuair is gá.

Forléargas ar Mhórtionscadail Chaipitil

In 2021 leanfar leis na Príomh-thionscnaimh Caipitil a leanas:

- Coláiste Pobail Oaklands, Baile Éadan Doire

Scoil nua ar shuíomh glas chun freastal do 1,000 dalta. Rinne ROS an tionscnamh seo a rangú ag leibhéal deacrachta 3(7) agus luach caipitil barúlach €20,600,000 móide VAT i gceist. Tá an Fhoireann Dearaidh ag obair ar dhearadh na scoile nua, le Céim 1 críochnaithe go luath i 2021 agus ag dul ar aghaidh go dtí na chéad chéimeanna eile den phróiseas deartha agus tógála.

- Ard Scoil Chiaráin Naofa Clara

Tá athfhorbairt 3,812m² le tosú a chuimseoidh Halla Corpoideachais agus dhá Seomra Ranga ARS. Freastalóidh Ard Scoil Chiaráin Naofa ar 350 dalta nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe.

- Coláiste Dhún Másc

Scoil nua ar shuíomh úrnua a fhreastalóidh ar 1000 dalta. Tá an tionscadal rangaithe ag leibhéal castachta 3 (8) agus luach caipitil barúlach €24,580,000 móide VAT aige. Tá an Fhoireann Dearaidh ceaptha, agus cuirfear tús leis an obair chun an scoil a dhearadh, chun Conraitheoir a cheapadh trí phróiseas tairisceana agus chun tús a chur leis an bpróiseas an scoil a thógáil.

- Coláiste agus Institiúid Phort Laoise

Tá síneadh mór (2,636m²) ceadaithe i gColáiste agus Institiúid Phort Laoise. Ceapadh an Fhoireann Dearaidh agus Tá an Fhoireann Deartha ceaptha agus tá obair ar bun chun an scoil a dhearadh, chun Conraitheoir a cheapadh trí phróiseas tairisceana agus chun tús a chur leis an síneadh atá beartaithe.

FÁLTAIS AGUS CAITEACHAS MEASTA DO 2021

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Fáltais agus Caiteachais Mheasta

FÁLTAIS

Deontais do Scoileanna & Príomhoifig
Deontais Bhreisoideachais & Oiliúna
Deontais do Sheirbhísí an Óige
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe
Caipitil

Bliain dar
chríoch
31/12/2021
€

Bliain dar
chríoch
31/12/2020
€

29,655,004
33,482,196
562,252
1,530,282
4,698,933

31,881,227
29,308,564
604,162
3,055,269
6,273,049

69,928,667

71,122,271

ÍOCAÍOCHTAÍ

Deontais do Scoileanna & Príomhoifig
Deontais Bhreisoideachais & Oiliúna
Deontais do Sheirbhísí an Óige
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe
Capital

29,655,004
33,482,196
562,252
1,530,282
4,698,933

29,923,026
28,361,374
603,815
2,656,084
6,391,241

69,928,667

67,935,540

Farasbarr/(Easnamh) don Tréimhse

0

3,186,731

Nóta: Tá olltoradh 2020 faoi réir iniúchta.

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Caiteachais Mheasta - Scoileanna agus Príomhoifig

PA

Teagasc	22,926,033	24,135,557
Riarachán	2,103,586	2,196,957
Cothabháil	639,838	567,866

**Bliain dar
chríoch
31/12/2021
€**

**Bliain dar
chríoch
31/12/2020
€**

25,669,457

26,900,380

NEAMHPHÁ

Riarachán	874,542	935,547
Cothabháil	492,232	526,569
Teagasc	462,322	494,573

1,829,096

1,956,689

CLÁIR GHAOLTA

Tacaíocht do Sheirbhísí Scoile	741,456	229,875
CL 46/20 COVID 19 – Díghalráin Láimhe	34,875	136,815
CL 46/20 COVID 19 – Maoirseacht Bhreisiithe	44,156	97,979
Straitéis Dhigiteach	404,667	97,592
Deontas Leabhar Daltaí atá ar an nGannchuid	207,317	92,903
DEIS	343,307	82,239
Deontas TFC Breise	11,889	72,461
Iompar	89,386	70,850
Eile - 18 gClár	279,398	185,243

2,156,451

1,065,957

29,655,004

29,923,026

Miondealú ar chaiteachas aon tionscadail a bhfuil caiteachas os cionn €50K i gceist.
Léirítear aon chaiteachas eile faoin gceannteideal 'Eile'.

Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Caiteachais Mheasta - Breisiodeachas agus Oiliúint

Clair Bhreisoideachais

Uaireanta Comhoibrithe	4,030,893	3,539,838
Costais Párolla BO	4,679,031	3,439,740
Costais Oibriúcháin BO	2,721,337	2,726,946
VTOS	2,827,900	2,492,328
Ógtheagmháil	2,407,246	2,226,145
PLC	1,695,123	1,634,229
Filleadh ar an Oideachas	1,499,756	1,410,863
Litearthacht d'Aosaigh	508,177	757,043
Tacaíocht Soláthair BO	1,147,151	311,165
Maolú in Aghaidh Míbhuntáiste Oideachais	180,673	267,128
Oideachas Pobail	164,000	163,628
Clár Dídeanaithe	82,629	106,858
Tionscnamh um Riachtanais Speisialta	117,000	94,024
Iasachtú Solas	71,266	73,678
BCTE	70,420	60,015
Measúnú Ceaptha go hAitiúil	60,000	54,281
Eile – 4 Chlár	63,809	75,494

22,329,369

19,430,145

Oiliúint

Cúrsaí Oiliúna	3,124,926	2,447,963
Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe	2,265,000	2,320,469
Printíseachtaí Leictreacha	1,774,500	1,354,015
Ionaid Oiliúna Pobail	1,375,000	1,319,247
Scileanna chun dul ar aghaidh	487,845	745,199
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	875,429	510,907
Oiliúint i Scileanna	1,250,127	233,429

11,152,827

8,931,229

Miondealú ar chaiteachas aon tionscadail a bhfuil caiteachas os cionn €50K i gceist.
Léirítear aon chaiteachas eile faoin gceannteideal 'Eile'.

GLUAIS

AONTAS	An Eagraíocht Náisiúnta um Fhoghlaim Aosach
CIR	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca
BB	Bord Bainistíochta
C&AG	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
BDM	An Bord Deimhniúcháin agus Measúnaithe
PC	Pobail Chleachtais
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
TMCL	Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí
PCS	Plean Corparáideach Soláthair
CCCL	Cigireachtaí um Chosaint agus um Chumhdach Leanaí
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna
ROS	Roinn Oideachais agus Scileanna
DIA	Duine Idirchaidrimh Ainmnithe
OCS	Oifigeach Cosanta Sonraí
CCF	Clár Cúnaimh d'Fhostaithe
ESBS	Seirbhísí Comhroinnte Gnó um Oideachas
BCTE	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
BOO	Breis Oideachais agus Oiliúna
CA	Coiste Airgeadais
BO	Breisoideachas agus Oiliúint
CGFÉ	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
AFR	An Foras Riaracháin
IAU	Aonad Iniúchta Inmheánaigh

LAOS	Ag Breathnú ar an Scoil seo againne
CFPÁ	Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
TOÁ	Tionscnamh Oiliúna Áitiúla
MAMO	Maolú in aghaidh Míbhuntáiste Oideachais
MT	Meabhrán Tuisceana
TFE	Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta
PLC	Teastas Iar-Ardteiste
DC	Dearbhú Cáilíochta
DCCÉ	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
CGOP	An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
ARS	Aonad Riachtanas Speisialta
FMS	Féinmheasúnú Scoile
STEAM	Eolaíocht Teicneolaíocht Innealtóireacht Ealaíona agus Matamaitic
STEM	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic
DUF	Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim
ICG	An tIontaobhas Carthanúil Gairmoiliúna
MSU - BCF	Meastóireacht ar an Scoil Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

SERVICE PLAN 2021



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



Có-mhaoinithe ag an
Aontas Eorpach
Co-funded by the
European Union

www.loetb.ie